

An Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile (Príomhoide Riaracháin)

1. Réamhrá

1.1 Fócas na meastóireachta

Rinneadh féinmheastóireacht scoile ar theagasc agus ar fhoghlaim sa scoil le linn an tréimhse Eanáir 2013 go Bealtaine 2013. Le linn na meastóireachta, rinneadh meastóireacht ar theagasc agus ar fhoghlaim san Uimhearthacht. c/f Filteán d'fhianaise agus torthaí na suirbhéanna 2013.

1.2 Comhthéacs na scoile

- Is Gaelscoil í seo
- Tá 302 páiste sa scoil
- Tugtar trialacha Droim Conrach sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic go bliaintiúl
- Tá 11 múinteoir ranga, beirt mhúinteoir tacaíocht foghlaim agus múinteoir acmhainne amháin agus Príomhoide riaracháin sa scoil

2. Na Tátail

- Thaispeáin na trialacha chaighdeánacha ó Meitheamh 2012 go bhfuil 64.4% do leanaí na scoile ag an 51ú percentíl nó níos airde, agus go bhfuil 35.5% dóibh ar an 50ú percentíl nó níos ísle. I gcomparáid leis na noirm náisiúnta, tá graf na scoile ó rang a 1 go rang a 6 ag léiriú go bhfuil leanaí na scoile a feidhmiú ag leibhéal níos airde. Iniata sa phlean seo tá cóip do thorthaí Droim Chonrach agus na grafanna a bhaineann leo don scoilbhliain 2011-2012 agus 2012 -2013.
- Thaispeáin na trialacha Droim Conrach, go bhfuil láidreachtaí agus laigeachtaí ag leanaí sa churaclam mhata. Léirítear go bhfuil láidreachtaí ag na leanaí san am agus airgead ó rang a 3 ar aghaidh. Tá láidreachtaí san uimhreas – go háraithe le oibreachtaí figiúrí agus sonraí. Léiríonn na leanaí deacrachtaí suntasacha tríd na scoile sna snáthanna cruth agus spás agus fad. Tá réiteach fadhbanna an-lag l ngach gné don curriclam mhata. Léirítear deacrachtaí l'am agus airgead i ranganna 1 agus 2.
- Ag eascirt ó shuirbhé déanta ag na páistí (rang 2, 4 6), tuairiscíodh ag 55% díobh (u=20 páiste) go n-oibríonn siad go neamhspleách den chuid is mó; ach dúirt na múinteoirí uilig (100%) go bhfuil foghlaim comhoibríoch an-fábharach nó réasúnta fábharach agus tuairiscíodh ag 69% de na múinteoirí go n-úsáidtear foghlaim comhoibríoch mar mhodh múinte go minic ina gceachtanna.
- Ag teacht ó suirbhé na múinteoirí léiríodh na pointí seo a leanas :
 - Úsáideann 69% cluichí/spraoi sna ranganna mata
 - Úsáideann 69% ábhair concreideacha in aghaidh na seachtaine
 - Déanann 69% comhthathú le hábhair eile uair sa tseachtain

An Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile (Príomhoide Riaracháin)

- Déanann 54% obair ghrúpa trí uair sa tseachtain
- Ní úsáideann ach 15% obair ghrúpa sa rang mata gach lá
- Deireann 85% gurb é réiteach fadhbanna é an gné is deacra le múineadh
- Ba mhaith leis na múinteoirí go léir cur lena scileanna mata féin agus go mbeadh tacaíocht breise ar fail dos na leanaí
-
- Ón mórthuairisc, is soléir go gcuirimid béim ar réiteach fadhbanna agus pléitear an t-ábhar foghlama go cuí. Déanaimid idirdhealú éifeachtach, tá bunphrionsabail na matamaitice ar eolas an na leanaí. Is léir chomh maith go gcaithfidh teanga na matamaitice bheith aontaithe idir na ranganna agus a bheith scríofa sa phlean scoile de réir moltaí ón gcigire sa mhórtuairisc.

3. Dul chun cinn déanta ar spriocanna aitheanta sa Phlean Feabhais Scoile reatha

N/A do bhliain a haon.

4. Achoimre ar thátail na féinmheastóireachta scoile

Seo iad a leanas na tátail féinmheastóireachta scoile sa Mhata. Bailíodh na tátail seo ó Suirbhéanna, Ceistneoirí, Torthaí Drom Conracha, agus Scrúdaithe Fadhb Réiteach.

(A) Seo tátail bunaithe ar na Scrúdaithe Caighdeánacha

Seo iad na torthaí a fuairadh tar éis comparáid a dhéanamh idir na torthaí Drum Conracha Mata 2013 agus na torthaí Drum Conracha Mata 2014 agus An meán Náisiúnta.

- Tá titim de 2.7% (i gcomparáid le toraidh 2013) de na páistí atá sa bhanda idir an triú peircintíl agus an séú peircintíl déag.
- Tá titim de 8.2% (i gcomparáid le toraidh 2013) de na páistí atá sa bhanda idir an seachtú peircintíl déag agus an caogú peircintíl.
- Tá ardú de 4.1% (i gcomparáid le toraidh 2013) de na páistí atá sa bhanda idir an caoga haonú peircintíl agus an ochtú ceathrú peircintíl.
- Tá ardú de 2.4% (i gcomparáid le toraidh 2013) de na páistí atá sa bhanda idir an ochtú cúig peircintíl agus an naocha hochtú peircintíl.
- Tá ardú de 4.4% (i gcomparáid le toraidh 2013) de na páistí a bhain amach os cionn 98 peircintíl sna scrúdaithe.
- Níl ach 2.6% de na páistí a bhain amach an séú peircintíl déag nó níos ísle. I gcomparáid leis an meán náisiúnta atá ag 16% agus tá titim de 2.7% ar figiúirí na scoile ó anuraidh (2013) a bhí ag 5.3%.

An Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile (Príomhoide Riaracháin)

- D'éirigh le 36.6% de na páistí an ochtú cúigiú peircintíl nó níos mó a bhaint amach. I gcomparáid leis an méan náisiúnta atá ag 16% agus tá ardú de 16.8% ar an figúirí na scoile ó anuraidh (2013) a bhí ag 29.8%.

(B) Comparáid déanta idir Ceistneoir Uimhearachta le haghaidh Múinteoirí Eanáir 2013 agus Meitheamh 2014.

Bhí roinnt athraithe ins an siurbhé seo. Bhí méadú ar líon na múinteoirí sa scoil i mbliana mar go bhfuil an scoil fós ag fás agus mar sin bhí athraithe suntasacha le feiscint in áiteanna éagsúla sa suirbhé.

- Tháinig méadú 2% ar líon na múinteoirí gur thaitin leo Mata a mhúineadh agus tháinig laghdú 2% ar líon na múinteoirí a d'fhreagair Uaireanta.
- Maidir l'obair ghrúpa tháinig meadú 14% ar an líon múinteoirí a úsáideann Obair Ghrúpa gach lá i gcomparáid leis an laghdú 12% do mhúinteoirí a úsáideann Obair ghrúpa 3 uair sa t-seachtain. Dá bharr sin tháinig laghdú 2% ar an obair ghrúpa a déantar uair sa tseachtain agus ní raibh aon mhúinteoir a úsáideann obair ghrúpa ach uair sa mhí.
- Ag féachaint ar cé chomh minic agus a úsáidtear ábhair concreideach le linn an ranga bhí laghdú 10% do mhúinteoirí a úsáideann é gach lá, méadú 27% do mhúinteoirí a úsáideann é 3 uair sa t-seachtain, laghdú 17% a úsáideann é uair sa t-seachtain agus ní raibh aon mhúinteoir a úsáideann ábhar concreideach uair sa mhí.
- Tá laghdú 10% agus 4% taghtha ar mhúinteoirí a dhéanann comhtháthú leis na ranganna Mata agus ábhair eile gach lá agus uair sa t-seachtain. In ainneoin sin tá ardú 14% taghtha ar an líon múinteoirí a dhéanann é seo uair sa mhí.
- Bhí athraithe suantasacha maidir leis na dearcadh na múinteoirí I leith snáth faoi leith a mhúineadh. Ag deireadh nab liana bhí méadú 65% ar líon na múinteoirí a mhaes gurb í Uimhreas an snáth is deacra. Bhí laghdú 41% ar líon na múinteoirí a mhaes gurb é fadhb réiteach an snáth is deacra. D'eascair an ceistneoir torthaí eile I leith dearcadh na múinteoirí agus snáth faoi leith a mhúineadh – bhí méadú 29% dóibh a mhaes gurb é an t-Am an snáth is deacra le múineadh, méadú 7% gur mhaes gurb é an Ailgeabar an snáth ba dheacra agus méadú 14% a mhaes gurb é airgead an snáth ba dheacra le múineadh. Beidh orainn féachtaint ar na torthaí nua seo agus dul chun cinn á dhéanamh againn san Fhéinmheastóireacht Mata I mí Meán Fomhair arís.

An Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile (Príomhoide Riaracháin)

- Thar an bhliain tháinig méadú 10% ar an líon múinteoirí a úsáideann cluichí agus spraoi sa Mhata gach seachtain. Mar thoradh ar sin tháinig laghdú 1% agus laghdú 10% ar an líon múinteoirí a úsáideann cluichí agus spraoi gach mí agus anois is arís.
- Tá méadú 6% ar líon na múinteoirí atá sásta leis na bhfearas Mata atá ar fail sna seomraí ranganna agus trís na scoile do mhúineadh na Matamaitice agus dá bharr san tá laghdú 3% agus 2% ar líon na múinteoirí atá sásta go leor leis an bhfearas agus iad san a cheapann go bhfuil gá lena thuilleadh fearas Mata.
- Tá athrú tagtha sna ranganna go léir sa t-slí go bhfuil réimse níos leithne d'obair bhaile Mata atá á sheoladh abhaile acu. Tá laghdú 26% tagtha ar gnáth sumáí a sheoladh abhaile mar obair bhaile. Tá meadú 14% tagtha ar an líon a thugann réiteach fadhbanna mar obair bhaile. Tá méadú 14% tagtha ar an líon a thugann obair bhaile mata gníomhach agus laghdú 2% tagtha ar líon na múinteoirí a thugann obair bhaile Mata measctha.
- Tháinig méadú 23% ar an méid múinteoir a cheapann go bhfuil Mata l'uimhreacha agus siombail níos éasca le múineadh seachas an laghdú 23% a tháinig ar líon na múinteoirí a cheapann go bhfuil sé níos éasca mata a mhúineadh le focail.
- Maidir le Teanga na Matamaitice, tháinig méadú 23% ar líon na múinteoirí go bhfuil teanga na Matamaitice ar eolas acu, laghdú 8% ar líon na múinteoirí go mbíonn sé ar eolas acu an chuid is mó don am, agus laghdú 16% ar an líon do mhúinteoirí a cheapann go bhfuil gá acu é a léamh arís. Ciallaíonn sé seo gur chabhraigh sé go mór leis na múinteoirí I mblinana go raibh an aguisín Teanga na Matamaitice seolta timpeall chugtha ag tús na bliana. Déanfar é seo arís I mí Meán Fomhair mar go mbeidh ranganna nua á mhúineadh ag múinteoirí áirithe don scoil bhliain 2014/2015.

(C) Tátáil idir na Scrúdaithe réiteach fadhbanna ó Meán Fómhar 2013 agus Meitheamh 2014.

Thug na múinteoirí faoi n-aire go raibh obair le déanamh ar fadhb réiteach sa scoil anuraidh. Tugadh amach scrúdú go dtí gach rang ó Rang 1 suas go dtí Rang 6 i Mí Méan Fomhair. Bhí na ceisteanna ar fad sa scrúdú bunaithe ar Fadhb Réiteach. Theastaigh ós na múinteoirí leibhéal agus deacrachtaí na bpaistí a fheiscint agus a thaifead. Bhí sé soléir ós na torthaí go raibh deacrachtaí ag an chuid dos na leanaí agus ní raibh aon mhuinín nó scileanna fadhb reiteach acu chun na fadhbanna a oibriú amach cé go raibh cumas uimhreacha acu. Léirigh an scrúdu chomh maith go raibh deacrachtaí ag na leanaí an teanga matamaitice a thuiscint agus chuir sé seo leis an deacracht a bhí acu na fadhbanna a réiteach.

An Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile (Príomhoide Riaracháin)

D'oibrigh na múinteoirí go dian i rith na bliana ar fadhb réiteach. Múintear scileanna eagsúla i slí taitneamhach agus spreagadh na leanaí chun dul chun cinn a dhéanamh. D'úsáid gach múinteoir an stráitéis 'An Taifeadóir' 'An Scríobhneoir' agus 'An Cainteoir' sna grúpaí agus bhí ar na leanaí na trialacha agus na torthaí a thaifeadh ina gcoipleabhair. Anois bhí na leanaí ag baint taitneamh as fadhbanna a réiteadh. D'úsáid na múinteoirí ábhair concreíteach agus obair ghrúpa chun cabhrú leis na leanaí.

Ag deireadh na bliana tugadh amach an scrúdú céanna le déanamh. Bhí sé soiléir os na torthaí go raibh an obair déanta ag na múinteoirí agus na leanaí. Bhí scór níos airde ag beagnach gach páiste sa scoil. Bhí roinnt leanaí a fuair scór 0 ag tús na bliana a fuair scór 9 ag deireadh na bliana. Bhíomar an sásta leis na torthaí. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag na leanaí. Tá dearcadh na múinteoirí agus leanaí araon athraithe agus tá siad níos muiníneach agus iad ag tabhairt faoi fadhbanna a réiteach sna ranganna Mata.

Tá torthaí Ranga na Scrúdaithe Fadhb Réiteach seo le feiscint ins an Filteán 'Fianaise agus Taighdesan Fhéinmheastóireacht'.

(D) Tátáil ó Cheistneoir na bpáistí

- Is leir go bhfuil dearcadh níos dearfa ag na páistí i dtreo an Mhata. Anois tá laghdú 14% tagtha ar an méid páiste nách maith leo Mata agus chomh maith le sin tá ardú 14% ar an líon do pháistí a cheapann go bhfuil Mata ceart go leor anois.
- Tá ardú 6% tagtha ar an méid páiste a cheapann nách bhfuil siad go maith ag Mata, cé go bhfuil ardú suantasach tagtha ar na grafanna DromConracha sa Mhata I mbliana.
- Tá ardú 9% tagtha ar líon na páistí nách gcheapann go bhfuil Mata éasca agus íslíú 25% ar an méid a cheapann go bhfuil. Tá ardú 16% tagtha ar an méid a cheapann go bhfuil siad maith go leor anois ag an Mata.
- Tá ardú do 13% tagtha ar an méid leanbh a dúirt go rabhdar ag obair I mbeirteanna ach tá íslíú do 28% tagtha ar an méid leanbh a dúirt go rabhdar ag obair i ngrúpaí. Tá ardú 10% anois tagtha ar an méid leanbh a dúirt go rabhdar ag obair ina n-aonar.
- Maidir le stráitéisí Matamaitice tá méadú 21% tagtha ar an líon páistí a dúirt go gcabhraíonn sé leo atharais a dhéanamh ar an múinteoir chun Mata a dhéanamh. Tháinig laghdú 11% ar an líon páistí a dúirt go gcabhraíonn sé leo an Mata a dhéanamh ina gcinn agus tháinig laghdú 10% ar an méid leanbh a dúirt go raibh ábhair concreíteach uatha chun cabhrú leo sa Mhata.

An Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile (Príomhoide Riaracháin)

- Is léir go bhfuil méadú 11% tagtha ar líon na páistí a léirigh go gcabhraíonn tuismitheoir leo leis an obair bhaile Mata sa bhaile I gcomparáid leis an 33% do laghdú a dúirt go gcabhraíonn tuistí anois is arís. Tháinig méadú 22% ar an líon do pháistí a dúirt ách gcabhraíonn tuistí leo riamh leis an obair bhaile Mata.
- Tá athrú tagtha sa ghné is deacra sa Mhata maidir leis na páistí. Anois ag deireadh nab liana tá laghdú do 3% tagtha ar an méid a cheapann gurb é an uimhreas an gné is deacra. Tá laghdú do 4% a cheapann anois gurb é an réiteach faidhbe an gné is deacra. Tá méasdú 32% anois áfach ar an líon do pháistí a cheapann gurb é an t-Am an gné is deacra. Tá laghdú 20% tagtha ar líon na leanaí a cheapann gurb é an 'Fad' an gné is deacra agus 8% ar an líon a cheapann gurb é Ailgeabar an gné is deacra. Is léir go bhfuil meon agus deacrachtaí na leanaí athraithe sna gnéithe Mata éagsúla go háirithe I dtaobh an Ama de mar b'é seo ceann dos na láidreachtaí a bhí again ag tús na bliana. Déanfaidh an coiste Mata ath-bhreithniú ar seo arís I Mí Mean Fhómhair leis an bhfoireann scoile agus cinntófar ansan cad é gp díreach an plean a cuirfear I bhfeidhm sa Mhata don dara bhliain don Fhéinmheastóireacht Mata.
- Maidir leis na gné is éasca bhí difríochtaí suimiúla anseo chomh maith. Tháinig Iméadú 12% agus 5% dhearcadh an leanaí gur iad Uimhreas agus Réiteach Fadhbanna na gné is éasca i gcomparáid le laghdú do 8% a cheap gurb é an t-Am an gné is éasca. Arís is fiainise é seo gur oibrigh na stráiteisí don bhfadhb réiteach I mbliana agus chomh maith le sin go bhfuil deacrachtaí ag baint leis an Am anois tríd an scoile.
- Is léir go bhfuil méadú 4% tagtha ar leanaí a réitíonn fadhbanna bunaithe ar eolas atá acu cheana fhéin. Tá laghdú 7% tagtha ar an líon a cheapann go bhfuil an mata níos éasca má fhaigheann siad cabhair agus laghdú do 7% tagtha ar an líon leanaí a cheapann go bhfuil sé níos éasca na suimeanna a dhéanamh ina gcinn ar dtús agus ansan iad a scríobh. Tá méadú 3% tagtha ar leanaí a dúirt go gcabhraínn éisteacht agus táblaí leo agus méadú 8% tagtha ar leanaí a dúirt go gcabhraíonn sé leo na suimeanna a scríobh agus go gcabhraíonn na táblaí. Chomh maith le sin tá méadú 1% tagtha ar an líon leanaí a bhaineann úsáid as suimiú, dealú méadú agus iolrú. Is léir go bhfuil méadú tagtha ar an réimse leathan do stráiteisí Mata a úsáideann leanaí chun fadhbanna a réiteach.

4.1 Tá láidreachtaí ag ár scoil sna hachair seo a leanas:

- Am

An Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile (Príomhoide Riaracháin)

- Airgead
- uimhreas

4.2 Na hachair seo a leanas ina dtosaíochtaí feabhsúcháin

- Fadhb réiteach
- Teanga na matamaitice
- Fad

4.3 Ní mór aghaidh a thabhairt ar na riachtanais reachtúla agus rialála seo a leanas:

(Sainigh na gnéithe a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu)

1. *Cuspóirí curaclam – tabharfar cóip dos na cuspóirí curaclam a bhaineann leis an bhfadhb réiteach agus teanga na matamaitice dos na múinteoirí ionas gur féidir leo an cur chuige riachtanach a phleanáil. Beidh lá pleanála againn a dheimhneoidh na cuspóirí seo dúinn agus a chabhróidh leis na múinteoirí pleanáil a dhéanamh don féinmheastóireacht thuasluaite.*
2. *Rannpháirtíocht san fhoghlam-*
3. *Ullmhúcháin –*
 - *Teanga na matamaitice pléite agus taifead déanta*
 - *Plean scríofa Meitheamh 2013*
 - *Cruinniú fóirne Meitheamh 13, 2013*
 - *Lá pleanála Lúnasa 2013*
 - *Cruinniú pleanála M. Fómhar 2013 – conas na cuspóirí a bhaint amach do 2013-2014. Stratéisí na bliaina &rl*
4. *Cur chuige-Lá pleanála, athbhreithniú agus leathnú a dheanamh ar an bplean seo i 2013-2014*

An Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile (Príomhoide Riaracháin)